Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Cathair na Gaillimhe

# Gníomhaíocht Pobail, Cuimsiú, Athnuachan, Forbairt agus Comhshaol (CAIRDE) 2025

## Treoirlínte d'Iarratasóirí



**An spriocdháta le haghaidh foirmeacha iarratais a bhíonn líonta ar líne a chur isteach:**

**4pm Déardaoin an 17 Aibreán 2025**

**NÍ GHLACFAR LE HIARRATAIS A BHÍONN DÉANACH**

**TABHAIR FAOI DEARA, LE DO THOIL, NACH MBEIDH TEACHT AR AN NASC CHUN IARRATAIS A CHUR ISTEACH TAR ÉIS AN DÁTA DEIRIDH**

# Clár an Ábhair

Cuspóir Scéim Deontais CAIRDE ..... 2

Cé atá in ann cur isteach air? ..... 2

Féadfaidh aon ghrúpa pobail, deonach, spóirt, fiontar sóisialta nó cumann gnó atá ag feidhmiú i gCathair na Gaillimhe iarratas a dhéanamh. Níl aon eagraíochtaí san earnáil phoiblí ná eagraíochtaí tráchtála a dhéanann brabús cáilithe chun iarratas a dhéanamh. Moltar do ghrúpaí clárú le Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chathair na Gaillimhe (PPN), is é sin an Líonra Pobail do Chathair na Gaillimhe (GCCN) agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa PPN. Moltar d'iarratasóirí dul i dteagmháil leis an gComhairle lena chinntiú go bhfuil na tionscadail atá beartaithe ag teacht leis na cláir oibre agus na beartais. ..... 2

Cá mhéad a mhaoinítear? ..... 2

Cén cineál tograí atá i gceist? ..... 3

Tá cúig chineál tacaíochta éagsúla i gceist leis an Scéim CAIRDE agus caithfidh na tograí na coinníollacha ginearálta seo a leanas a chomhlíonadh: ..... 3

Céard iad na rudaí nach bhfuil incháilithe faoin Scéim? ..... 5

Scéimeanna Deontais Tacaíochta 2025 ..... 5

Tá na tacaíochtaí deontais seo a leanas san áireamh i Scéim Deontais CAIRDE 2025: ..... 5

Meastacháin ..... 9

An chaoi le hiarratas a dhéanamh ..... 10

Cén chaoi a ndéanfar measúnú ar m’iarratas? ..... 10

Glacadh le Tairiscint ..... 10

Cén chaoi a bhféadfaidh mé an deontas a tharraingt anuas? ..... 11

Cad eile is gá dom a chur in éineacht leis an iarratas ar líne? ..... 12

## Cuspóir Scéim Deontais CAIRDE

Mar chuid dár dtiomantas do thacaíocht a thabhairt do na pobail, don fhorbairt áitiúil agus don athbheochan, bhunaigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an Scéim Deontais don **Ghníomhaíocht Pobail, Cuimsiú, Athnuachan, Forbairt agus Comhshaoil (CAIRDE)**. Cuireann an Scéim seo tacaíocht airgeadais ar fáil do ghrúpaí pobail, spóirt agus deonacha, d'fhiontair shóisialta agus do chumainn ghnó le haghaidh tionscadail agus tionscnaimh a chuideodh lena bpobail dul chun cinn a dhéanamh agus atá in ann feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil ina gceantair féin.

Tagann an maoiniú atá ar fáil ó Bhuiséad Bliantúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le haghaidh 2025, a bhfuil glactha ag na Comhaltaí Tofa leis. Tá sé ar fáil le tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí a dteastódh uathu tabhairt faoi thionscadail ar leith faoi na catagóirí/sruthanna ábhartha a bhaineann leis an Scéim. Cuideoidh an Scéim freisin le hobair athbheochana agus feabhsúcháin go háitiúil agus i gcásanna teoranta, féadfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe tionscadail a chur i bhfeidhm go díreach, nuair a fheileann.

## Cé atá in ann cur isteach air?

Féadfaidh aon ghrúpa pobail, deonach, spóirt, fiontar sóisialta nó cumann gnó atá ag feidhmiú i gCathair na Gaillimhe iarratas a dhéanamh. Níl aon eagraíochtaí san earnáil phoiblí ná eagraíochtaí tráchtála a dhéanann brabús cáilithe chun iarratas a dhéanamh. Moltar do ghrúpaí clárú le Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chathair na Gaillimhe (PPN), is é sin an Líonra Pobail do Chathair na Gaillimhe (GCCN) agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa PPN. Moltar d'iarratasóirí dul i dteagmháil leis an gComhairle lena chinntiú go bhfuil na tionscadail atá beartaithe ag teacht leis na cláir oibre agus na beartais.

## Cá mhéad a mhaoinítear?

Braithfidh uasmhéid an deontais a bheidh ar fáil ar chatagóir na scéime nó ar an sruth faoina bhfuil tú ag déanamh an iarratais. Tá tairseach íosmhéide agus uasmhéide ó thaobh deontais ag baint le gach sruth maoinithe.

Go hiondúil bíonn níos mó iarratais ar chúnamh ann ná mar a bhíonn de mhaoiniú le dáileadh. Má bhíonn an iomarca éilimh ar an scéim, ba chóir go dtuigfeadh iarratasóirí go bhféadfadh an maoiniú a thairgfí a bheith níos lú ná an méid a bhí iarrtha.

Is gá go mbeadh Cuntas Bainc nó Cuntas Comhar Creidmheasa ina n-ainm dlíthiúil acu siúd a fhaigheann deontais chomh maith le deimhniú imréitigh cánach atá cothrom le dáta. Ós rud

é go bhféadfadh an maoiniú a bheith ina chúnamh i dtaca le costas foriomlán tionscadail, is gá do ghrúpaí a léiriú go bhfuil a ndóthain airgid acu chun an chuid eile den tionscadal a mhaoiniú, i.e., ráiteas cothrom le dáta a chur isteach ag léiriú go bhfuil dóthain cistí ar fáil chun an tionscadal a mheaitseáil. Ní mór d'iarratasóirí eolas a thabhairt i dtaobh aon mhaoiniú nó cúnamh deontais breise ón gComhairle, ó ghníomhaireacht nó ón Rialtas a bhaineann lena dtionscadal.

## Cén cineál tograí atá i gceist?

Tá cúig chineál tacaíochta éagsúla i gceist leis an Scéim CAIRDE agus caithfidh na tograí na coinníollacha ginearálta seo a leanas a chomhlíonadh:

(1) Caithfidh na tionscadail leas a dhéanamh don phobal i gcoitinne tríd an bhfolláine agus an caighdeán saoil a chur chun cinn do chách, nó an ceantar a dhéanamh níos tarraingtí, níos inrochtana agus níos sábháilte do mhuintir na háite /do chuairteoirí.

(2) Níl ceannach trealaimh incháilithe ach amháin sa chás agus go dteastaíonn sé i ndáil leis an tionscadal atá beartaithe san iarratas. Ní thabharfar maoiniú le haghaidh trealamh pearsanta.

(3) Baineann sé le costais a thabhaítear le linn thréimhse na scéime deontas (Aibreán go Deireadh Fómhair 2025). Ní bhronnfar deontais go chúlghabhálach i.e. ní íocfar deontais ach amháin sa chás go mbaineann na costais le hobair / acmhainní / trealamh srl atá fós le ceannach tráth a gcuirtear an t-iarratas isteach.

(4) Sa chás nach bhfuil an talamh/na foirgnimh atá ina ábhar don iarratas ar dheontas faoi úinéireacht an iarratasóra, beidh toiliú i scríbhinn ag teastáil ó na húinéirí talún /na húinéirí réadmhaoine maidir le haon oibreacha atá beartaithe a dhéanamh.

(5) Má tá baint ag leanaí agus daoine óga leis an tionscadal, ní mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil Polasaí um Chaomhnú Leanaí i bhfeidhm acu tráth an iarratais.

(6) Tá an maoiniú teoranta do thionscadail nach gclúdaítear de ghnáth faoi scéimeanna deontais eile atá á reáchtáil ag an gComhairle.



## Céard iad na rudaí nach bhfuil incháilithe faoin Scéim?

1. Trealamh pearsanta i.e. ríomhairí glúine
2. Táillí iontrála do chomórtais
3. Feithiclí a cheannach

## Scéimeanna Deontais Tacaíochta 2025

Tá na tacaíochtaí deontais seo a leanas san áireamh i Scéim Deontais CAIRDE 2025:

### Scéim Tacaíochta do Ghníomhaíocht Phobail (Íosmhéid an Deontais €1,000 – Uasmhéid €25,000)

Tá an sruth maoinithe **Gníomhaíocht Phobail** deartha chun tacú le tionscadail agus le tionscnaimh a fheabhsaíonn folláine shóisialta, chultúrtha agus fhisiciúil na bpobal áitiúil. Tá sé mar aidhm ag an maoiniú seo cumhacht a thabhairt do chónaitheoirí agus d'eagraíochtaí áitiúla gníomhú ar na fadhbanna is tábhachtaí dóibh féin, chun go mbraithfidh daoine ar a suaimhneas san áit agus go nglacfar leis go bhfuil freagracht ar gach duine.

**D'fhéadfadh go mbeadh na tionscnaimh a leanas san áireamh - tionscadail forbartha pobail a chuidíonn leis an rannpháirtíocht go háitiúil agus leis an bhforbairt ar acmhainneacht nó a fheabhsaíonn áiseanna pobail, ach níl sé teoranta dóibh seo amháin.**

Is é aidhm an tsrutha maoinithe seo ná an cairdeas sna pobail a neartú, acmhainní a chur ar fáil d'iarrachtaí comhoibritheacha, agus rannpháirtíocht ghníomhach agus obair dheonach a spreagadh ar mhaithe le pobail inbhuanaithe, rathúla a chruthú. Chomh maith leis an bhforbairt pobail go ginearálta, tugann an sruth maoinithe seo tús áite do thionscadail a dhíríonn ar fheabhas a chur ar chúrsaí sábháilteachta sna pobail agus an choiriúlacht a laghdú. D'fhéadfadh go mbeadh tionscnaimh sa réimse seo a bhainfeadh le cláir pobal ar aire, gníomhaíochtaí rannpháirtíochta don óige, oideachas chun an choireacht a stopadh, chomh maith le tionscadail a chuirfeadh feabhas ar na spásanna poiblí ar mhaithe le cúrsaí sábháilteachta agus inrochtaineacht a fheabhsú. Trí thacaíocht a thabhairt don obair seo, tá an maoiniú ag féachaint le pobail níos sábháilte agus níos athléimní a fhorbairt ina mbíonn na cónaitheoirí in ann maireachtáil, a bheith ag obair agus ag plé le chéile go muiníneach.

Ba chóir go léireodh na tionscadail go bhfuil plean soiléir ann maidir le rannpháirtíocht an phobail, torthaí intomhaiste, agus tiomantas do thionchar fadtéarmach. Beidh fáilte freisin

roimh iarratais a thacaíonn le cur chun feidhme na spriocanna atá sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail – 'cathair chomhionann agus ionchuimsitheach' / 'cathair a chuireann sláinte agus folláine chun cinn'.

## Scéim Tacaíochta don Ionchuimsitheacht (Íosmhéid an Deontais €5,000 – Uasmhéid €50,000)

Tá an sruth maoinithe don **Ionchuimsiú** leagtha amach chun tacú le tionscadail a chuireann comhionannas, inrochtaineacht agus ionchuimsiú sóisialta chun cinn do gach ball den phobal, go háirithe iad siúd a bhféadfadh go mbeadh bac orthu a bheith lánpháirteach sa tsochaí. Tá sé mar aidhm ag an sruth seo tionscnaimh a mhaoiniú a chuireann timpeallacht níos cuimsithí ar fáil do ghrúpaí atá imeallaithe nó atá faoi ghannionadaíocht, lena chinntiú go dtugtar an deis chéanna do gach duine páirt a ghlacadh i saol an phobail.

**I measc na dtionscadal a d'fhéadfaí a mheas le haghaidh maoinithe, cé nach bhfuil sé teoranta dóibh sin, tá tionscnaimh atá aoisbháúil, tionscnaimh a chuireann an Ghaeilge agus mionteangacha chun cinn, tionscadail agus cláir chultúrtha nó tacaíochtaí a chuirfeadh feabhas ar ionrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas.**

Is é cuspóir an tsrutha seo ná pobal atá níos éagsúla agus níos cuimsithí a chruthú trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a dhéanann na difríochtaí a cheiliúradh agus a chinntíonn go n-éistear le gach duine agus go bhfuil meas ar ghuth gach duine. Is cuma an mbaineann na tograí le himeachtaí cultúrtha, oideachais nó sóisialta, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag na tionscadail a fhaigheann maoiniú an éagothroime a laghdú, an rannpháirtíocht shóisialta a fheabhsú, agus cuidiú le go mbraithfidh gach ball den phobal ar a suaimhneas ina bpobal féin.

Ba chóir go mbeadh cuspóirí soiléire ag baint le gach iarratas, go léireofaí go bhfuil an pobal rannpháirteach agus go bhfuiltear tiomanta don éagsúlacht agus don ionchuimsitheacht a chur chun cinn ag gach céim den tionscadal. Beidh fáilte freisin roimh iarratais a thacaíonn le cur chun feidhme na spriocanna atá sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail – 'cathair chomhionann agus ionchuimsitheach' / ‘cathair a chuireann an tsláinte agus an fholláine chun cinn' / 'réigiún cathrach cruthaitheach den chéad scoth' mar aon le tionscadail a thacaíonn le stádas na Gaillimhe mar chathair dátheangach.

## Scéim Tacaíochta don Athnuachan (Íosmhéid an Deontais €5,000 – Uasmhéid €25,000)

Tá an sruth maoinithe don **Athnuachan** dírithe ar thacaíocht a thabhairt do thionscadail a chuidíonn leis an athbheochan agus leis an bhforbairt inbhuanaithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste laistigh de Chathair na Gaillimhe. Is é an sprioc ná feabhas a chur ar an bhfolláine fhisiciúil, eacnamaíoch agus shóisialta sna bpobal sin a mbíonn orthu dul i ngleic le dúshláin ar nós bochtaineacht shocheacnamaíoch, easpa bonneagair, nó gan mórán rochtana a bheith acu ar sheirbhísí ríthábhachtacha.

**Ar na tionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith incháilithe tá tionscadail athnuachana uirbeacha, tionscadail a chuirfeadh feabhas agus slacht ar spásanna poiblí an cheantair, a chruthódh moil phobail agus a dhéanfadh forbairt ar áiseanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste, ach níl sé teoranta dóibh sin amháin.**

Táthar ag díriú ar thionscadail atá ábalta athrú dearfach a dhéanamh go fadtéarmach, le go mbeidh an pobal bródúil agus go mbraithfidh siad gur leo an áit. Tá an sruth maoinithe seo leagtha amach go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí i gceantair nach bhfuil mórán forbartha déanta iontu, lena chinntiú go mbíonn an obair athghiniúna dírithe orthu siúd is mó a ndéanfaidh sí leas dóibh. Tabharfar tús áite do thionscadail a spreagann pobal na háite le bheith páirteach, chomh maith leis an bhforbairt inbhuanaithe agus an cumhachtú eacnamaíoch a spreagadh.

Agus tacaíocht á thabhairt do na tionscnaimh seo, tá sé mar aidhm ag an maoiniú éagothroime a laghdú, an bonneagar áitiúil a fheabhsú agus timpeallachtaí a chruthú ina mbeidh na cónaitheoirí faoi rath.

Ba chóir go léireodh na hiarratais go bhfuil plean straitéiseach soiléir ann don athghiniúint, le béim ar rannpháirtíocht an phobail, ar thionchar fadtéarmach chomh maith le fás ionchuimsitheach a chur chun cinn. Beidh fáilte freisin roimh iarratais a thacaíonn le cur chun feidhme na spriocanna atá sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail – 'cathair chomhionann agus ionchuimsitheach' / 'cathair nuálach'.

## Scéim Tacaíochta don Fhorbairt (Íosmhéid an Deontais €5,000 – Uasmhéid €50,000)

Tacóidh an sruth maoinithe don **Fhorbairt** le tionscadail a chuidíonn leis an eacnamaíocht áitiúil fás, a chabhraíonn leis an bhforbairt ar bhonneagair agus a chuireann feabhas ar áiseanna pobail agus spóirt. Féachann an sruth maoinithe seo le tionscnaimh a spreagadh a chuireann leis an bhforbairt fhadtéarmach ar Chathair na Gaillimhe trí áiseanna poiblí a fheabhsú, geilleagair áitiúla a threisiú, agus feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil tríd is tríd

do na cónaitheoirí.

**D'fhéadfaí go mbeadh i measc na dtionscadal, uasghrádú ar áiseanna spóirt agus imeachtaí spóirt a reáchtáil, forbairt ar bhonneagair agus ar thacaíochtaí don turasóireachta agus don fhiontraíocht, agus spásanna poiblí nua nó limistéir áineasa nua a chruthú a rachadh chun tairbhe do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.**

Breithneofar deontais le haghaidh gníomhaíochtaí / tionscadail / oibreacha a chuireann an ghníomhaíocht eacnamaíoch áitiúil chun cinn nó deiseanna nua gnó do cheantar, nó a dhéanann margaíocht ar an gcathair mar ionad don fhiontraíocht turasóireachta. Tabharfar tús áite do mhaoiniú do thionscnaimh ina bhfuil riachtanas sainithe léirithe, ina bhfuil an comhoibriú soiléir ag an leibhéal áitiúil, agus go bhfuil sé de chumas ag togra atá beartaithe cuairteoirí a mhealladh agus feabhas inbhuanaithe a chur ar an gceantar. Is iad na hiarratasóirí atá incháilithe ná grúpaí atá ionadaíoch ar na pobail agus ar lucht gnó. I measc na dtionscadal/oibreacha a d'fhéadfadh a bheith incháilithe faoi réimse na ngníomhaíochtaí eacnamaíochta áitiúil tá:

Soilse Nollag agus obair fheabhsúcháin eile ar an tsráid-dreach le beocht a chur i spásanna poiblí ar bhealach nuálach agus cruthaitheach; Tionscnaimh fiontraíochta faoi stiúir an phobail; Bolscaireacht agus imeachtaí a chuireann an fhiontraíocht áitiúil chun cinn – feachtais 'Shop Local', imeachtaí comhoibríocha eile a chuireann gnólachtaí/trádálaithe srl áitiúla chun cinn; Féilte agus imeachtaí a chuireann leis an méid oícheanta a bhíonn caite ar lóistín.
Trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail a fheabhsaíonn áiseanna spóirt agus áiseanna don turasóireacht, tá sé mar aidhm ag an sruth seo cathair níos beoga agus níos tarraingtí a chruthú dóibh siúd atá ina gcónaí ann, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí araon, an fholláine fhisiciúil a chur chun cinn agus tarraingteacht Chathair na Gaillimhe mar cheann scríbe turasóireachta a fheabhsú.

Ba chóir go mbeadh plean soiléir forbartha léirithe sna hiarratais, agus é dírithe ar an inbhuanaitheacht, ar leas an phobail, agus ar thorthaí intomhaiste. Beidh fáilte freisin roimh iarratais a thacaíonn le cur chun feidhme na spriocanna atá sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail – 'cathair inbhuanaithe agus acmhainneach' / cathair nuálach'.

## Scéim Tacaíochta don Timpeallacht (Íosmhéid an Deontais €5,000 – Uasmhéid €25,000)

Tá an sruth maoinithe don **Chomhshaol** deartha chun tacú le tionscadail a chuidíonn le timpeallacht nádúrtha Chathair na Gaillimhe a chosaint, a fheabhsú agus a bhainistiú go hinbhuanaitheach. Tá sé mar aidhm ag an sruth seo tionscnaimh a mhaoiniú a thugann aghaidh ar na dúshláin a bhaineann leis an gcomhshaol, a chuireann an gníomhú ar son na haeráide chun cinn, agus a chuidíonn le cur leis an bhfeasacht maidir leis an mbithéagsúlacht, an oidhreacht, agus spásanna glasa agus reiligí na cathrach.

**D'fhéadfadh go mbeadh i measc na dtionscadal incháilithe, tionscnaimh don ghníomhú ar son na haeráide a laghdaíonn astaíochtaí carbóin, tionscadail a chaomhnaíonn an bhithéagsúlachta agus an oidhreacht, agus tionscnaimh chun áiseanna taitneamhachtaí sa cheantar a chruthú nó a fheabhsú chun cur le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil, ach níl sé teoranta dóibh seo.**

Tá an maoiniú dírithe ar thionscadail a thacaíonn le hacmhainní nádúrtha uathúla na Gaillimhe a chaomhnú agus le cleachtais a fhorbairt a bheadh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht. Spreagfaidh an sruth maoinithe tionscnaimh comhshaoil faoi stiúir an phobail, a mbeidh tionchar acu ar an timpeallacht agus a thabharfaidh aghaidh ní hamháin ar fhadhbanna éiceolaíochta reatha ach a chruthóidh buntáistí fadtéarmacha don timpeallacht áitiúil agus mhuintir na háite. Ach tacaíocht a thabhairt do thionscadail a chuireann an bhithéagsúlacht, an oidhreacht agus an fhorbairt uirbeach inbhuanaithe chun cinn, tá sé mar aidhm ag an gciste seo cathair níos glaise, níos acmhainní a thógáil.

Ba chóir go léireodh na tionscadail go soiléir go bhfuil siad tiomanta d'inbhuanaitheacht an chomhshaoil, do rannpháirtíocht an phobail, agus do thorthaí intomhaiste a thagann leis na spriocanna comhshaoil áitiúla agus domhanda.
Moltar d’iarratasóirí tionscnaimh a dhearadh a dhéanann an gníomhú ar son na haeráide a cheangal isteach le cuspóirí comhshaoil, cultúrtha agus sóisialta níos leithne. Beidh fáilte freisin roimh iarratais a thacaíonn le cur chun feidhme na spriocanna atá sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail – 'cathair inbhuanaithe agus acmhainneach’.

## Meastacháin

Ní mór d'iarratasóirí meastachán amháin ar a laghad a chur isteach a thacaíonn leis na costais (meastacháin ríomhphoist nó scríofa, sliocht as catalóg). Má éiríonn le d'iarratas, d'fhéadfadh go mbeadh suas le trí mheastachán ag teastáil. Molann Comhairle Cathrach na

Gaillimhe iarratasóirí chun 'Siopadóireacht go hÁitiúil' nuair is féidir.

## An chaoi le hiarratas a dhéanamh

Caithfear iarratais ar mhaoiniú a dhéanamh trí **chóras iarratais ar líne**. Cliceáil anseo
Tá nasc chuig suíomh Gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag an seoladh seo a leanas: Cliceáil anseo

## Cén chaoi a ndéanfar measúnú ar m'iarratas?

Bunófar an measúnú ar d'iarratas ar an eolas a bhíonn curtha ar fáil sa bhfoirm iarratais chomhlánaithe nó ar eolas atá in éineacht leis an bhfoirm iarratais agus orthu sin amháin. Moltar duit cáipéisí a chur isteach le d'iarratas chun tacú le haon eolas atá tugtha.

Déanfaidh Grúpa Meastóireachta inmheánach measúnú ar d'iarratas agus déanfaidh sé moladh ina leith. Bainfidh an Grúpa Meastóireachta inmheánach leas as an saineolas atá ag na foirne gairmiúla sna Ranna ábhartha de chuid na Comhairle a bhíonn ag plé leis an gcineál sin tionscadal agus leis an gcineál sin deontais.

Tar éis don mheastóireacht tosaigh seo a bheith déanta, déanfaidh Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe moladh an Ghrúpa Meastóireachta a mheas ag Coiste Deontais na Comhairle ar a mbeidh Comhaltaí Tofa ainmnithe ó gach Barda. Ina dhiaidh sin, ag an gcéad chruinniú iomlán eile den Chomhairle, déanfaidh na Comhaltaí Tofa moladh an Choiste Deontais a mheas. Is faoi Chomhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe atá an faomhadh deireanach maidir le maoiniú, bunaithe ar chinneadh a ghlacfar ag cruinniú de chuid na Comhairle.
Bainfear úsáid as na critéir seo a leanas agus iarratais á meas:

(i) Caithfidh an tionscadal teacht leis an sainmhíniú atá tugtha ar cheann de na sruthanna maoinithe atá ar an liosta agus caithfidh sé cloí leis na critéir incháilitheachta.
(ii) Ba chóir fianaise a chur ar fáil go bhfuil an tionscadal ailínithe leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail agus go mbeidh tionchar dearfach aige ar an bpobal áitiúil.
(iii) Déanfar measúnú ar chumas na n-iarratasóirí an togra a chur i bhfeidhm laistigh den fhráma ama atá leagtha síos agus laistigh den bhuiséad.
(iv) Caighdeán agus indéantacht an iarratais

## Glacadh le Tairiscint

Nuair a cheadófar an deontas ag cruinniú na Comhairle, scríobhfaidh Rannóg Pobail na Comhairle go foirmiúil chuig an iarratasóir ag cur in iúl ar éirigh leis an iarratas nó nár éirigh agus tabharfar eolas faoin leibhéal tacaíochta atá ar fáil.

*Ní chuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin toradh a bhí ar a n-iarratais ar dheontas go dtí Meitheamh 2025. Iarraimid ort le do thoil gan teagmháil a dhéanamh leis an rannóg seo go dtí go bhfaighidh tú fógra faoin toradh.*

**Beidh Comhaontú Maoinithe in éineacht leis an Litir Tairisceana ina leagfar amach téarmaí agus coinníollacha na tairisceana.** (Letter of Offer Template here)
(Funding Agreement Template here)

Is gá do na daoine lena mbaineann sé an Comhaontú seo a shíniú agus caithfear cóip atá sínithe a sheoladh ar ais chuig an Rannóg Pobail laistigh de 10 lá ón am a raibh an litir tairisceana faighte. Rachaidh tairiscintí i léig mura seoltar ar ais an Comhaontú Maoinithe, agus é sínithe.

## Cén chaoi a bhféadfaidh mé an deontas a tharraingt anuas?

- Is í an Rannóg Pobail a dhéanann na héilimh a phróiseáil, trí ríomhphost nó tríd an bpost agus caithfear iad a chur isteach nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe de réir na n-amlínte atá leagtha amach sa Litir Tairisceana.
- Leithdháiltear an maoiniú uair sa bhliain agus ní féidir é a thabhairt ar aghaidh.
- Is gá go mbeadh tionscadail / tograí críochnaithe sular bhféadfaidh tú an deontas iomlán a tharraingt anuas. Roimh an íocaíocht dheireanach, féadfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe iniúchadh láithreáin nó cuairt tionscadail a dhéanamh chun a dheimhniú go bhfuil na hoibreacha ar fad curtha i gcrích. Féadfar 50% den deontas a íoc roimh ré. Sa chás seo, is gá go mbeadh an tionscadal críochnaithe go hiomlán sula mbeidh an 50% deiridh iníoctha.
- Féadfar cistiú a leithdháileadh, faoi réir na tairsí maoinithe, chun tacú le tionscadail chaipitil ar scála níos mó nach bhféadfaí a chríochnú faoin spriocdháta in 2025, i gcúinsí teoranta. Sa chás seo, beidh an maoiniú coinnithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe go dtí go gcuirfear tús leis an tionscadal agus go gcuirfear i gcrích é.
- Caithfear Teimpléad Tuairisce ar Chríochnú an Tionscadail a chur isteach in éineacht le haon éileamh. Tuarascáil ghearr achoimre atá anseo ar an tionscadal/imeacht atá maoinithe. Is gá go mbeadh na nithe seo a leanas in éineacht leis an Tuarascáil:
    - Sonraisc agus admhálacha bunaidh ina dtugtar sonraí maidir leis an gcaiteachas ar an tionscadal – Caithfidh na Sonraisc agus na hAdmhálacha tagairt a dhéanamh d'ainm an Deontaí, i.e. ainm an Ghrúpa Pobail.
    - Grianghraif a tógadh roimh agus i ndiaidh don obair fheabhsúcháin a bheith déanta

ar thaitneamhachtaí nó ar áiseanna nó grianghraif d'imeachtaí a reáchtáladh. Nuair a chuirtear grianghraif isteach, tá an t-iarratasóir ag tabhairt cead do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an íomhá/na híomhánna a úsáid chun críocha bolscaireachta, agus ag dearbhú go bhfuil cead faighte acu ón ngrianghrafadóir agus ó aon daoine atá le feiceáil sa ghrianghraf.

- Aon cháipéisíocht eile a chuirfear ar an eolas thú ina thaobh ag céim an cheadaithe.

**Tabhair faoi deara:** Go gcaithfidh gach tionscadal a bheith críochnaithe faoi **31 Deireadh Fómhair 2025 agus an maoiniú ar fad a ceadaíodh a bheith éilithe faoi 28 Samhain 2025**. Ina dhiaidh sin, tarraingeofar siar an maoiniú. Tarraingeofar siar maoiniú nach mbeidh éilithe faoin spriocdháta a comhaontaíodh. Cinntigh le do thoil go bhfuil do chuid sonraí airgeadais reatha (i.e. uimhir an Chuntais Bhainc, ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an Chisteora srl.) cothrom le dáta agus iad tugtha dár bhFoireann Cuntas Iníoctha, sa Rannóg Airgeadais. (Supplier Set Up Form) B'fhéidir go gcaithfí foirm a líonadh isteach.

## Cad eile is gá dom a chur in éineacht leis an iarratas ar líne?

- Cóipeanna de na meastacháin a bhaineann leis na costais go léir.
- Fianaise maidir le maoiniú meaitseála a theastaíonn le haghaidh togra, mar shampla ráiteas bainc reatha
- Fianaise maidir le húinéireacht talún/cead talamh a úsáid (Má bhaineann le hábhar)
- Sa chás go bhfuil tionscadal beartaithe ar thalamh poiblí, dearbhú scríofa ón gComhairle / úinéir talún ag toiliú agus ag tacú leis an iarratas.
- Má bhaineann le hábhar, fianaise go bhfuil Árachas Dliteanais Phoiblí ann i gcás aon éileamh ina bhfuil Comhairle Cathrach na Gaillimhe ainmnithe mar pháirtí slánaithe.
- Sa chás go bhfuil oibreacha láithreáin i gceist leis an togra, cóip de léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis a thaispeánann an suíomh ar a bhfuil an togra (más cuí)
- Má bhaineann le hábhar, aon toilithe a cheanglaítear faoin reachtaíocht oidhreachta, amhail toilithe ó Shéadchomharthaí Náisiúnta agus Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra nó ó Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- Sonraí faoi aon chead pleanála a lorgaíodh agus/nó a comhaontaíodh/cruthúnas díolúine (má bhaineann le hábhar). I gcás tionscadail chaipitil níos mó, caithfidh cead pleanála a bheith i bhfeidhm tráth an iarratais.
- Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Polasaí um Chaomhnú Leanaí má tá imeacht nó clár á eagrú agat a bhfuil leanaí páirteach ann.
- Aon eolas ábhartha breise faoi ghníomhaíochtaí do Ghrúpa chun tacú le d'iarratas (tuarascáil bhliantúil, bileoga)